Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Siúlóid Lucinda Sly ar chlár Fhéile na Gaeilge

Tá Féile na Gaeilge faoi lán seoil i gCeatharlach agus tá iontas á dhéanamh ar réimse leathan na n-imeachtaí atá ar chlár na féile. Imeacht amháin, eagraithe ag Músaem Chontae Cheatharlach i gcomhar le Féile na Gaeilge agus a bheidh an-suimiúil ar an Satharn beag seo, 14ú Márta ná an léacht agus siúlóid i gcuimhne ar Lucinda Sly. Reachtálfar an ócáid seo bunaithe ar shaol Lucinda Sly, an bhean deireannach a crochadh i gCeatharlach sa bhliain 1835. Bhí an scríbhneoir agus scéalaí Maidhc Dainín Ó Sé, nach maireann, chomh tógtha leis an scéal faoin mbean a ciontaíodh as dúnmharú an fhir a bhí pósta léi gur scríobh sé urscéal bunaithe ar an eachtra. D'fhoilsigh Coiscéim a leabhar agus seoladh é i gCeatharlach sa bhliain 2009. Chinn Liberties Press ar leagan Béarla den leabhar, aistrithe ag Gabriel Fitzmaurice, faoin teideal "Lucinda Sly, A Woman Hanged" a fhoilsiú in 2013 agus seoladh an saothar sin i gCeatharlach chomh maith.

Is cúis mhór áthais mar sin do mhuintir Cheatharlach fáilte ar ais a fhearadh roimh Gabriel Fitzmaurice chun scéal an leabhair a roinnt, sleachta as a léamh agus siúl siar ar choischéimeanna Lucinda Sly. Cuirfear fáilte roimh chách ag Músaem Cheatharlach maidin Dé Sathairn ag 11.00r.n. chun tús a chur le Siúlóid Lucinda Sly trí shráideanna an bhaile le críochnú ag Priosún Cheatharlach áit ar crochadh í in éineacht le fear eile 180 bliain ó shin os comhair na sluaite a bhí bailithe os comhair an phriosúin agus iad ag béicigh 'Croch iad! Croch iad!" Bí ann gan teip!

Gabriel Fitzmaurice ag síniú a leabhair "Lucinda Sly, a Woman Hanged" i gCeatharlach

Gluais:	**Glossary:**
imeacht	event
i gcuimhne	in memory
ciontaíodh	convicted
dúnmharú	murder
eachtra	event
leagan	version
sleachta	extracts
coischéimeanna	footsteps
sluaite	crowds
ag béicigh	screaming

Mícheál Ó hAnracháin, Laoch na Cásca 1916

Is minic ómós tugtha don seachtar ceannairí cáiliúla a daoradh agus a cuireadh chun báis i bPríosún Chill Mhaighneáin tar éis Éirí Amach na Cásca 1916. Ach bhí seachtar eile a chuir údaráis na Breataine chun báis chomh maith, ar a dtugtar an seachtar dearmadta toisc a scéalta siúd ligthe i ndearmad sa gcur síos ar an Éirí Amach agus ar tharla ina dhiaidh.

Duine de na seachtar dearmadta ab ea Mícheál Ó hAnracháin, fear go raibh dlúthcheangailt aige le baile Ceatharlach. Rugadh Mícheál ar Lá le Pádraig sa bhliain 1877 i Ros Mhic Thriúin i gCo. Loch Garman. Bhí beirt deartháir agus triúr deirfiúr aige. Bhog an chlann go Ceatharlach chun chónaithe. Duine de bhunaitheoirí Chlub na nOibrithe sa bhaile ab ea é. Bhí Mícheál mar bhall de Chonradh na Gaeilge i mBaile Atha Cliath agus sa bhliain 1899 bhunaigh sé craobh i gCeatharlach agus é féin ina rúnaí. Nuair a fuair a athair bás in 1903 bhog an chlann go Baile Atha Cliath áit a bhfuair Mícheál post mar chlódóir. D'oibrigh sé in éineacht le Tomás Mac Donncha in 1916 le linn Éirí Amach na Cásca ag monarcha Bhríoscaí Jacobs.

Chuir TG4 sraith de chláir uair an chloig faoi gach duine den seachtar dearmadta ar fáil an bhliain seo caite.

Thug na cláir scéal na laochra chun cuimhne le cabhair saineolaithe staire agus míreanna drámaíochta ó shaol na bhfear, ón Éirí Amach agus ón a seal gairid i bpriosún sar a cuireadh chun báis iad. Ar an 4ú Bealtaine 1916 a cuireadh Mícheál Ó hAnracháin chun báis.

1916 Seachtar Dearmadta, Mícheál Ó hAnracháin

Tá an-áthas ar Ghlór Cheatharlach go bhfuil an scannán ón sraith ar TG4 "Mícheál Ó hAnracháin, Laoch na Cásca 1916" le caoinchead Abú Media Teo ar chlár Fhéile na Gaeilge. Cuirfear é ar siúl do dhaltaí iarbhunscoile ar an Luan, 16ú Márta ag 11.00r.n. in Amharclann G.B. Shaw. 'Sé Aindrias Ó Cathasaigh, staraí agus údar, an léiritheoir agus an t-aisteoir Aonghus Óg McAnally atá i bpáirt Uí Anracháin. Moltar do mhúinteoirí áiteanna a chur in áirithe gan mhoill @ €2 an duine. Gach eolas agus clárú le Glór Cheatharlach ar 059 9158105 nó 087 2857048.

Gluais:	**Glossary:**
omós	respect
laoch	hero
dearmadta	forgotten
ceannairí	leaders
craobh	branch
clódóir	printer
monarcha	factory
saineolaithe	experts
seal	period
léiritheoir	producer

Naomh Pádraig, Aspal Mór na hÉireann

Ina bhuachaill óg a bhí sé nuair a tháinig Pádraig go hÉirinn ar dtús. Creidtear gur rugadh sa Bhreatain Bheag é sa bhliain 387. Lá amháin agus é ag imirt lasmuigh faoin aer, deirtear gur sciob an Rí Niall Naoi nGiallach é agus tugadh go hÉirinn é. Díoladh mar sclábhaí é le feirmeoir darbh ainm Miliúc. Chaith Pádraig tamall ag aoireacht caorach ar Shliabh Mis i gContae Aontroma. Bhí sé óg, eaglach agus uaigneach. Bhí ocras air go minic agus uaireanta ní raibh le n-ithe aige ach bia na n-ainmhithe. Bhíodh sé de shíor ag guí. Faoi dheireadh, d'éirigh leis éalú go dtí an Fhrainc.

Chaith Pádraig tamall ag staidéar chun a bheith ina shagart. Ní dhearna sé dearmad riamh ar mhuintir na hÉireann agus ina bhrionglóidí chuala sé iad ag glaoch ar ais air. Sa bhliain 432 chuir an Pápa Ceilistín go hÉirinn é. Chuaigh sé go dtí Teamhair na Rí agus mhínigh sé an Chríostaíocht don Ard-Rí, Laoire. Thug an tArd-Rí cead dó an creideamh a mhúineadh do na Gaeil. Las Pádraig tine an chreidimh ar bharr Chnoc Sláine i gContae na Mí.

Thaisteal Pádraig timpeall na tíre ag craobhscaoileadh an chreidimh. D'iompaigh a lán daoine chun na Críostaíochta agus bhaist sé iad ins na toibreacha ar a nglaotar Toibreacha Phádraig ó shin. Agus é ag múineadh rúndiamhar an chreidimh, phioc sé suas seamróg agus dúirt "Tá trí phearsa in aon Dia amháin faoi mar atá trí dhuilleog ar aon chos amháin." In omós dó caitheann a lán daoine an tseamróg ar Lá Fhéile Pádraig. Deirtear gur chuir Pádraig an ruaig ar na nathracha nimhe as an tír seo! Chaith sé daichead lá ag guí agus ag troscadh ar mhullach Chruach Phádraig i gContae Mhuigheo. Téann na sluaite ar oilithreacht suas ar an gCruach gach bliain.

Bíonn Lá Fhéile Pádraig ar an seachtú lá déag de Mhí an Mhárta, féile mhór i lár an earraigh. Is lá mór ceiliúrtha é agus caitheann daoine ar fud an domhain dath uaine. Lá mór é do Ghaeil go léir pé áit ar dhomhan ina mbíonn siad. Agus sinn ag ceiliúradh le háthas agus le dóchas ar Lá le Pádraig bíonn mórshiúl i ngach baile agus sráidbhaile nach mór. Bíonn paráideanna i gcathracha móra timpeall an domhain chomh maith agus ceann ollmhór i Nua Eabhrach.

Guíonn Glór Cheatharlach Beannachtaí na Féile Pádraig ar Ghaeil sa bhaile agus i bhfad i gcéin.

Gluais:	**Glossary:**
rugadh	born
sciob	snatch
sclábhaí	slave
ag aoireacht	herding
uaigneach	lonely
de shíor	constantly
éalú	escape
creideamh	faith
rúndiamhar	mystery
seamróg	shamrock
nathracha nimhe	snakes
ag troscadh	fasting

CLASSIFIED ADVERTISING DEADLINES
Reserve your space early to avoid disappointment
NEED TO ADVERTISE: simply call us in Carlow, Laois or Kildare to discuss your needs.
To advertise call us in CARLOW t 059 9170100 e ads@carlow-nationalist.ie KILDARE t 045 432147 e ads@kildare-nationalist.ie LAOIS t 057 8670216 e ads@laois-nationalist.ie